


**Réaltaí an**
**tSamhraidh 2020**

Clár náisiúnta Léitheoireachta an tSamhraidh Ceart chun Léitheoireachta is ea Réaltaí an tSamhraidh a bhíonn ar siúl ón 15 Meitheamh go dtí deireadh mhí Lúnasa. Nílimid ábalta an gnáthbhealach le leabhair a fháil ar iasacht, chun tionscnaimh a fháil agus chun imeachtaí a chur ar siúl sna leabharlanna a chur ar fáil in 2020, mar sin, tá ár gcur chuige athraithe againn chun an méid seo a leanas a chur ar fáil:

**Gníomhaíochtaí do Réaltaí an tSamhraidh 2020:**

- **BorrowBox Réaltaí an tSamhraidh:** Is féidir le leanaí bailiúchán ríomhleabhar agus ríomhchlosleabhar Réaltaí an tSamhraidh do leanaí a brabhsáil, a fháil ar iasacht, a léamh chomh maith le héisteacht leis an mbailiúchán trí aip BorrowBox na leabharlainne poiblí. Tá sé ar fáil saor in aisce do gach ball lena úsáid áit ar bith, am ar bith. Is féidir le duine ar bith nach bhfuil ina mball clárú saor in aisce ar líne ag https://www.librariesireland.ie/join-your-library. Beidh mír speisialta Réalaí an tSamhraidh ar BorrowBox ón 15 Meitheamh ar a mbeidh réimse de na céadta ríomhleabhar agus ríomhchlosleabhar agus bailiúcháin aonair d'aoisghrúpaí 0-4, 5-8, 9-12 agus 13+ .

- **Am scéalaíochta Ar Líne**: Is iad foireann na leabharlainne agus údair as Éirinn a chuirfidh am scéalaíochta Réaltaí an tSamhraidh lena n-áireofar caibidil as leabhar a léamh in aghaidh an lae, a bheidh ar fáil ar leathanaigh meán sóisialta na leabharlainne áitiúla agus trí ghailearaí físeáin atá á fhorbairt ag www.summerstars.ie.

- Comórtas Scéalaíochta: Reáchtálfar comórtas Scéalaíochta Réaltaí an tSamhraidh do 2020 leis an téama *Eachtra nach Raibh Súil Leis*. Beidh an comórtas ar siúl ón 1 Iúil go dtí an 31 Lúnasa agus beidh trí chatagóir aoise i gceist (6-9, 10-14 agus 15+) agus déanfar gearrliosta de na hiarratais go dtí nach mbeidh 15 iarratas fanta sa chatagóir. Déanfaidh painéal, ar a mbeidh údair as Éirinn ina measc, na buaiteoirí a phiocadh.

- **Leabhair:** Agus leabharlanna poiblí ag leanúint de bheith ag cur leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil ar bhonn céim ar chéim sna míonna amach romhainn, cuirfidh cuid de na húdaráis áitiúla seirbhísí Réaltaí an tSamhraidh le go mbeidh leanaí ábalta leabhair a fháil ar iasacht nuair is féidir.

- **Cártaí léitheoireachta agus léirmheasanna:** Tá leanaí ábalta súil a choinneáil ar an dul chun cinn atá siad ag déanamh ar a gcuid léitheoireachta le cártaí léitheoireachta a mbeidh siad in ann iad a mharcáil nuair a bheidh leabhar léite acu, ar líne nó i bhfoirm chlóite. Is féidir le leanaí an méid atá léite acu a uaslódáil ar an gcuid a bhaineann le léirmheasanna ar www.summerstars.ie .

- **Tráth na gCeist ar Líne**: Cuirfidh údaráis áitiúla tráth na gceist agus tóraíochtaí taisce ar líne ar fáil do Réaltaí an tSamhraidh le linn na tréimhse, agus déanfar iad a chur chun cinn  go háitiúil.

Tá eolas cuimsitheach ar an gclár le fáil ar www.summerstars.ie.

Right to Read at your Library